Rialáil Seirbhísí Leanaí,
An Chigireacht Luathbhlianta,
An Dara hUrlár,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.
Teil: 061 461700
Ríomhphost: ey.registration@tusla.ie

26ú Meitheamh 2020

Maidir le: Cigireachtaí COVID -19

A Sholáthraí,

Agus muid ag dul isteach sa triú chéim de Threochlár an Rialtais chun an tSochaí agus an Ghnó a Athoscailt agus de réir mar atá seirbhísí ag críochnú ullmhúcháin d'athoscailt, táim ag scríobh chun comhairle a thabhairt duit faoin gcaoi a mbeidh An Chigireacht Luathbhlianta ag tabhairt faoi chigireachtaí rialála.

Ba mhaith liom tosú trí aitheantas a thabhairt do na dúshláin atá le sárú ag an earnáil tar éis éiginnteacht na míonna deireanacha. Is é an ról atá againn mar ghníomhaireacht rialála ná chun leanaí a chosaint trí oibriú le soláthraithe chun comhlíonadh a ardú agus rialacháin a fhorfheidhmiú sa mhionlach beag seirbhísí a dhéanann faillí ina bhfreagrachtaí agus a chuireann leanaí i mbaol. Cé gur féidir le cigireachtaí a bheith dúshlánach, déanaimid ár ndícheall i gcónaí ár bhfreagracht rialála a chomhlíonadh ar bhealach cothrom, cuí agus freagrúil agus éilimh bhreise a theorannú a mhéid is féidir. Chun é seo a bhaint amach, rinneamar scrúdú ar ár bpróiseas cigireachta agus rinneamar roinnt mhaith athruithe sealadacha a chosnóidh sláinte agus sábháilteacht leanaí, foireann na luathbhlianta agus ár gcigireacht de réir mar a leanann an phaindéim ar aghaidh.

I mí Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair i mbliana beidh ár gcigireachtaí dírithe ar chigireachtaí COVID-19. Tá na sonraí faoin gcaoi a ndéanfar na cigireachtaí agus na rialacháin atá le scrúdú imlínithe sna doiciméid atá faoi iamh:

- **Uirlis Chigireachta COVID-19 de chuid Cigireacht Luathbhlianta Tusla,**
- **Prótacal Cigireachta COVID-19 de chuid Luathbhlianta Tusla do sholáthraithe cláraithe,**
- **Iarratas ar Dhoiciméadú Réamhchigireachta.**

Fógrófar agus sceidealófar gach cigireacht pleanáilte leis an soláthraí cláraithe. I líon an-bheag cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cigireachtaí neamhphleanáilte a chur ar bun sa chás go dtugtar imní suntasach nó práinneach i leith seirbhíse chun solais (e.g. eolas gan iarraidh, neamhchomhlíonadh suntasach nach dtugtar aghaidh air). Tá An Chigireacht Luathbhlianta tiomanta cloí le treoir sláinte poiblí agus ár ndualgais á gcomhlíonadh againn agus leasaíodh an próiseas cigireachta chun an méid ama a chaitheann cigirí sa tseirbhís a íoslaghdú.
Tosóidh gníomhaíocht ar an láthair ón 13ú Iúil.

Chun tacú le hathoscailt do sheirbhíse, d'fhoilsíomar sraith treorach agus d'osclaíomar líne chabhrach thiomnaithe COVID-19 ar an 4ú Méitheamh. Tá sonraí le fáil ar ár láithreán

Rialáil Seirbhísí Leanaí,
An Chigireacht Luathbhlianta,
An Dara hUrlár,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.
Teil: 061 461700
Ríomhphost: ey.registration@tusla.ie

gréasáin ag an nasc seo a leanas:

https://www.tusla.ie/services/family-community-support/pre-school-services/

Táimid ag tnúth le bheith ag obair in éineacht leat agus coimeádfaimid cur i bhfeidhm na gcigireachtaí agus próisis nua seo faoi athbhreithniú thar míonna an tsamhraidh. Guím gach rath ort agus tú ag tosú arís i do ról tábhachtach ag cothú agus ag tabhairt aire do leanaí luathbhlianta an náisiúin.

Mise le meas,

Eibhlin O'Leary

Ceann Cigireachta agus

Measúnaithe

Rialáil Seirbhísí Leanaí

Rialáil Seirbhísí Leanaí,
An Chigireacht Luathbhlianta,
An Dara hUrlár,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.
Teil: 061 461700
Ríomhphost: ey.registration@tusla.ie